Coimisiún na Meán

**Ceisteanna & Freagraí faoin gCód Sábháilteachta Ar Líne Athbhreithnithe – 21 Deireadh Fómhair 2024**

## Ginearálta

1. Cén fáth a bhfuil gá le Cód Sábháilteachta ar Líne?
   *Tá Creat Sábháilteachta Ar Líne á chur chun feidhme ag Coimisiún na Meán in Éirinn, creat a bheidh bunaithe ar roinnt píosaí reachtaíochta.*
   *Faoin Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, ceanglaítear ar Choimisiún na Meán Cód Sábháilteachta ar Líne a fhorbairt. Ceanglaítear an méid sin toisc go gcaithfidh Éire Airteagal 28b de Threoir 2018 ón Aontas Eorpach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chur chun feidhme. Leis an gCód Sábháilteachta ar Líne, cuirfear rialacha sonracha i bhfeidhm maidir le Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPS), ar fo-thacar d'ardáin ar líne iad maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad ábhar físeáin (agus ábhar gaolmhar). Tá Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar shraith níos leithne seirbhísí ar líne ón 17 Feabhra 2024.*

2. Cén difear a dhéanfaidh sé d'úsáideoirí ó tharla go bhfuil an Cód i bhfeidhm anois?
   *Cé go bhfuil gnéithe áirithe i bhfeidhm cheana féin ag go leor ardáin comhroinnte físeán chun a n-úsáideoirí a chosaint, leagfar síos sa Chód seo rialacha ceangailteacha, agus cuirfidh siad freagracht ar ardáin as an gcaoi a gcoimeádann siad a n-úsáideoirí sábháilte ar ábhar físeáin díobhálach, le tacaíocht ó chumhachtaí láidre smachtbhannaí agus fíneálacha suas le €20 milliún nó 10% de láimhdeachas bliantúil ardáin, cibé acu is airde. Leis an gCód, tabharfar soiléireacht freisin d'úsáideoirí maidir leis an gcaoi a gceanglaítear ar ardáin iad a chosaint, agus maidir leis na cearta atá acu. Déanfar an Cód a fhorfheidhmiú in éineacht leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, chun cosaintí a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí ar líne i gcoinne ábhar mídhleathach, agus ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do leanaí.*

3. Cathain a bheidh éifeacht leis an gCód?
   *Beidh éifeacht le Cuid A den Chód tar éis 28 lá. Maidir le Cuid B, tá deis cur chun feidhme suas le naoi mí i gceist chun deis a thabhairt d'ardáin an Cód a chomhlíonadh, má theastaíonn am ó na hardáin chun córais inmheánacha a dhearadh ionas go gcomhlíonfaidh siad an Cód.*

4. An bhfuil tréimhse ama ann ina dhiaidh sin nach mór an cód deimhnithe a athbhreithniú?
   *Nuair a ghlacfar é, leanfaidh Coimisiún na Meán de mheasúnú a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtúlacht an Chóid, agus déanfaidh sé é a athbhreithniú de réir mar is gá. Ní shonraítear aon tréimhse ama chun athbhreithniú a dhéanamh sa reachtaíocht. Is féidir leis an Aire a iarraidh freisin go ndéanfadh Coimisiún na Meán athbhreithniú ar an gCód. Tá Coimisiún na Meán ag iarraidh gur doiciméad praiticiúil*

*agus úsáideach a bheidh sa Chód, agus d'fhéadfadh gá a bheith ann an Cód a athbhreithniú ó am go ham chun forbairtí ar ardáin comhroinnte físeán agus treochtaí tomhaltóirí a chur san áireamh.*

5. Conas a fhorfheidhmeoidh Coimisiún na Meán an Cód?
   *Déanfaimid maoirsiú gníomhach ar sheirbhísí ainmnithe lena chinntiú go gcomhlíonann siad a gcuid oibleagáidí faoin gCód, mar a dhéanaimid le codanna eile dár gCreat Sábháilteachta ar Líne. Má thagann saincheisteanna chun solais, tosóimid ar imscrúdú agus forfheidhmiú.*

6. Céard é an Creat Sábháilteachta ar Líne?
   *Tá Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Aontais Eorpaigh, an Cód Sábháilteachta ar Líne agus an [Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne]() mar chuid den Chreat Sábháilteachta ar Líne. Nuair a ghlactar leis ina iomláine, cuimseofar leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne cumhachtaí uile Choimisiún na Meán chun ardáin ar líne a rialáil, agus chun sábháilteacht ar líne a fheabhsú do gach úsáideoir.*

## Ábhar an Chóid

1. Céard é an difríocht idir Cuid A agus Cuid B den Chód?
   ***Leagtar amach i gCuid A na hoibleagáidí ginearálta** ón Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, atá i bhfeidhm nuair is cuí ag brath ar mhéid agus ar chineál na seirbhíse. Cinnfidh Coimisiún na Meán sa deireadh thiar cibé atá na bearta a ghlacann Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán faoi Chuid A iomchuí chun na cosaintí is gá a chur ar fáil do mhionaoisigh ó ábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta, nó don phobal i gcoitinne ó ábhar a ghríosaíonn chun fuatha nó foréigin, atá de chineál ciníoch agus seineafóbach, arb ionann é agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó sceimhlitheoireacht. **Luaitear oibleagáidí níos saintreoraí i gCuid B.***

2. Cén cineál ábhair nó iompair a chumhdaítear leis an gCód?
   *Cumhdaítear ábhar físeáin le Cuid A den Chód:*
   1. *Ábhar a dhéanann díobháil d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta mionaoiseach*
   2. *Ábhar a ghríosaíonn chun fuatha nó foréigin bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh*
   3. *Ábhar coiriúil AE (Ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, sceimhlitheoireacht, ciníochas agus seineafóibe arb ionann é agus gríosú chun fuatha nó foréigin)*
   4. *Cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach agus mídhleathach*

   *Cumhdaítear le Cuid B den Chód:*

*Ábhar físeáin agus ábhar a bhaineann le físeán arb ionann é agus an méid seo a leanas:*

1. *Cibearbhulaíocht, eolas ar mhodhanna féindíobhála nó féinmharaithe (lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha) a chur chun cinn, nó a chur ar fáil, neamhoird itheacháin nó bheathaithe a chur chun cinn*
2. *Spreagadh chun fuatha nó foréigin bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus ballraíocht den Lucht Siúil nó de phobail na Romach*
3. *Ábhar coiriúil AE (Ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí, sceimhlitheoireacht, ciníochas agus seineafóibe arb ionann é agus gríosú chun fuatha nó foréigin)*
4. *Cumarsáid tráchtála chlosamhairc (Díobhálach agus mídhleathach)*
5. *Ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí (e.g. tagairtí nó fotheidil)*
6. *Ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin – pornagrafaíocht agus foréigean as cuimse nó gan ghá*

*Ní mór d'ardáin gníomhú ar thuairiscí ó úsáideoirí a líomhnaíonn go bhfuil ábhar srianta den sórt sin ar a gcuid seirbhísí.*

3. Cén fáth go luaitear roinnt díobhálacha sa Chód agus nach luaitear cinn eile?
*Tá an Cód bunaithe ar na díobhálacha a leagtar amach san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus i dTreoir 2018 ón Aontas Eorpach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc. Leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne foriomlán ina gcuimsítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, tugtar na huirlisí do Choimisiún na Meán chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar agus iompar díobhálach a fheiceann úsáideoirí ar líne, ina measc leanaí a fhágáil gan chosaint ar ábhar díobhálach, agus tionchar diúltach na gcóras moltaí ar mheabhairshláinte agus folláine.*

4. Conas a sainaithníodh na díobhálacha a áiríodh le cur sa Chód?
*Tá an Cód bunaithe ar an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 agus ar Threoir 2018 ón Aontas Eorpach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, ina sainaithnítear raon feidhme na ndíobhálacha atá le cur san áireamh sa Chód.*

*D'eisigh Coimisiún na Meán Glao poiblí ar Ionchuir faoin gCód freisin agus fuarthas 55 freagra ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara ar suim leo é maidir leis an gcur chuige i leith fhorbairt an Chóid agus na díobhálacha ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa Chód. Fuair Coimisiún na Meán tuarascáil shaineolach ó 'PA Consulting on Online Harms' a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin. Coimisiúnaíodh suirbhé poiblí freisin chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcadh an phobail i leith ábhar díobhálach (is féidir cóipeanna de na freagraí ar an suirbhé a fháil ar ár suíomh gréasáin, cuid 1 agus cuid 2). Ar deireadh, reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar an dréacht-Chód, agus fuarthas timpeall 1,400 freagra uaidh sin.*

*D'oibrigh Coimisiún na Meán lena Choiste Comhairleach don Ógra freisin ar chomhairliúchán faoin gCód Sábháilteachta ar Líne agus cur i bhfeidhm an chóid sin.*

*I gcomhréir leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, tá ar a laghad leath de chomhaltaí an Choiste Chomhairligh don Ógra níos óige ná 25 bliain d'aois.*

5. An féidir cur le liosta na ndíobhálacha?
   *Is féidir. Is féidir le Coimisiún na Meán moladh a dhéanamh don Aire gur cheart cineál ábhair ar leith a chur leis na catagóirí d'ábhar díobhálach a áirítear san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022. Tá nós imeachta reachtúil le leanúint, a leagtar amach san Acht, agus ní mór don Aire sa deireadh aon rud a chuirtear leis na catagóirí d'ábhar díobhálach a dheimhniú.*

6. Conas a théitear i ngleic le Fógraíocht pholaitiúil sa Chód?
   *Ní dhéantar foráil maidir le fógraíocht pholaitiúil faoin gCód. Téitear i ngleic le fógraíocht faoin rannán cumarsáide tráchtála den Chód. Ní mór í a mharcáil go soiléir mar fhógraíocht.*

7. Conas a théitear i ngleic le bréagaisnéis sa Chód?
   *Ní chumhdaítear an bhréagaisnéis go sonrach sa Chód.*
   *Mar sin féin, faoin gCód, is gá d'ardáin plean gníomhaíochta a fhoilsiú freisin a thugtar cothrom le dáta gach bliain, maidir leis na gníomhaíochtaí a ghlacfaidh siad chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn i measc a gcuid úsáideoirí. Is féidir le litearthacht sna meáin cabhrú le húsáideoirí bréagaisnéis a aithint, rud a íoslaghdaíonn éifeachtaí díobhálacha na bréagaisnéise.*

   *Tá oibleagáidí breise ar na hardáin is mó sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena gcuid seirbhísí i réimsí amhail ionracas toghcháin agus sláinte an phobail, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar thionchar na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise.*

## Raon Feidhme

1. Cé na hardáin a mbaineann an cód leo?
   *Tá feidhm ag an gCód maidir le Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán, i.e. seirbhísí ina ligtear d'úsáideoirí físeáin a uaslódáil agus a fheiceáil ar líne sa chás go bhfuil soláthraí na seirbhíse faoi dhlínse stát na hÉireann.*

2. Cad faoi sheirbhísí ar líne eile?
   *Ón 17 Feabhra 2024, tá Coimisiún na Meán freagrach as an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ón Aontas Eorpach a fhorfheidhmiú in Éirinn. Cumhdaítear gach cineál ábhair mhídhleathaigh ar réimse seirbhísí idirghabhálaí ar líne sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.*

3. Cad é an cur chuige i leith dearbhú aoise agus fíorú aoise?
   *Ní mór d'Ardáin Comhroinnte Físeán a ligeann d'úsáideoirí pornagrafaíocht nó radhairc foréigin gan ghá a uaslódáil dearbhú aoise a úsáid ionas nach féidir le leanaí teacht ar an ábhar sin de ghnáth. Tá oibleagáid ghinearálta sa Chód ar Ardáin Comhroinnte Físeán úsáid a bhaint as fíorú aoise (lena n-áirítear meastachán a thabhairt ar aois) nuair is cuí chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar a d'fhéadfadh*

*díobháil a dhéanamh don fhorbairt mheabhrach, mhorálta nó fhisiciúil. Cinnfidh Coimisiún na Meán cathain is cuí d'ardán fíorú aoise a úsáid.*

4. An dtéitear i ngleic le córais moltaí sa Chód?
*Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, is fearr a bheidh Coimisiún na Meán in ann dul i ngleic leis na contúirtí ó chórais moltaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus muid ag cur an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun feidhme. Ní théitear i ngleic le córais moltaí sa Chód. Mar sin féin, chuathas i gcomhairle maidir leis an togra chun pleananna sábháilteachta do chórais moltaí a chur mar bheart forlíontach sa dréacht-Chód agus ní raibh sé beartaithe a bheith sa chéad Chód. Aithnímid go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag córais moltaí ar úsáideoirí, ar leanaí go háirithe. D'oscail an Coimisiún Eorpach imscrúduithe le déanaí ar [TikTok]() agus [Meta]() a bhain i bpáirt lena gcórais moltaí agus an tionchar a bhíonn acu ar leanaí agus daoine óga faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tá Coimisiún na Meán ag tacú leis an gCoimisiún Eorpach ina chuid imscrúduithe mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha in Éirinn. Tá forálacha sonracha sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le córais moltaí – ceanglaítear ar na hardáin an-mhór measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le dearadh na gcóras moltaí agus na rioscaí sin a mhaolú. Ceanglaítear leis freisin go mbeadh ardáin trédhearcach i dtaca le paraiméadair arna n-úsáid ag córais moltaí agus roghanna a sholáthar don phobal ionas go mbeidh siad in ann na paraiméadair sin a mhodhnú. Iarrtar ann freisin go mbeadh rogha ag na hardáin an-mhór ábhar a mholadh seachas é a bheith bunaithe ar phróifíliú amhail próifíliú cróineolaíoch. Ina theanntar sin, iarrtar leis ar ardáin bearta a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála mionaoiseach a chinntiú.*

5. Cathain a bheidh feidhm ag an gCód maidir le gach ardán comhroinnte físeán a d'ainmnigh Coimisiún na Meán i mí na Nollag 2023?
*Beidh feidhm ag an gCód Sábháilteachta Ar Líne maidir le naoi gcinn de na hardáin comhroinnte físeán a d'ainmnigh Coimisiún na Meán i mí na Nollag 2023. Maidir leis an ardán comhroinnte físeán eile a ainmníodh i mí na Nollag 2023, níor tháinig Coimisiún na Meán ar chinneadh go fóill i dtaca leis an gCód a chur i bhfeidhm maidir leis an ardán comhroinnte físeán sin.*

## Úsáideoirí

1. Cad ba cheart do dhuine a dhéanamh má thagann siad ar ábhar díobhálach ar ardán comhroinnte físeán?
*Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'úsáideoirí* ***an t-ábhar a thuairisciú don ardán*** *ar a bhfuil an t-ábhar díobhálach. Faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne, ní mór go mbeadh córais ag na hardáin chun gur féidir le húsáideoirí ábhar a thuairisciú agus ní mór do na hardáin sin cinneadh a dhéanamh freisin maidir le hábhar atá marcáilte nó tuairiscithe. Ní mór d'ardáin próiseas láimhseála gearán a bheith i bhfeidhm acu freisin d'úsáideoirí. I mí Feabhra 2024, bhunaigh Coimisiún na Meán Ionad Teagmhála ar féidir leis fiosruithe agus gearáin a fháil ón bpobal. Déanfaidh Coimisiún na Meán maoirsiú ar mar a chomhlíonann ardáin an Creat Sábháilteachta ar Líne, mar sin chuideodh faisnéis ó úsáideoirí faoina gcuid taithí leis an maoirseacht sin.*

*Ní modhnóir ábhair ná comhlacht achomharc é Coimisiún na Meán maidir leis na cinntí a dhéanann ardáin ar phíosaí aonair ábhair. Tá [faisnéis](#) áisiúil againn ar ár suíomh gréasáin chun daoine a threorú agus iad a chur ar an eolas.*

2. Conas a rachaidh Coimisiún na Meán i ngleic le gearáin?
   *Bhunaigh Coimisiún na Meán Ionad Teagmhála ar féidir leis fiosruithe agus gearáin a fháil a bhaineann lenár gcumhachtaí faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne. Nuair is cuí, ardóidh ár bhfoireann gearán saincheisteanna córasacha chuig ár bhfoirne maoirseachta ardáin lena réiteach trí chomhphlé maoirseachta nó chuig ár bhfoireann imscrúdaithe agus forfheidhmithe.*

3. Conas a chuirfidh an tIonad Teagmhála le maoirseacht an Chóid Sábháilteachta ar Líne?
   *Cuireann an tIonad Teagmhála faisnéis ríthábhachtach ar fáil dúinn faoi na cineálacha gearán a fhaightear agus nádúr na ngearán sin, rud a ligeann dúinn treochtaí in ábhar mídhleathach agus díobhálach ar líne a aithint. Cuireann an tIonad Teagmhála faisnéis ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí ar líne freisin maidir lena gcearta faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne.*

4. Conas is féidir le baill den phobal dul i dteagmháil leis an Ionad Teagmhála?
   *Is féidir leis an bpobal dul i dteagmháil leis an Ionad Teagmhála trí ríomhphost a sheoladh chuig [usersupport@cnam.ie](mailto:usersupport@cnam.ie) nó glaoch a chur ar 01 963 7755 ó Luan go hAoine, 8am-6pm.*

5. An féidir le daoine gearáin aonair a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán?
   *Is féidir le Coimisiún na Meán gearáin aonair a fháil cheana féin a bhaineann le córais agus próisis na n-ardán mar sháruithe féideartha ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha tríd an Ionad Teagmhála. Ní modhnóir ábhair ná comhlacht achomharc é Coimisiún na Meán maidir leis na cinntí a dhéanann ardáin ar phíosaí aonair ábhair. Dheimhnigh Coimisiún na Meán [comhlacht achomharc](#) le déanaí.*

## Forálacha Dlíthiúla

1. Cén reachtaíocht ar a bhfuil an cód bunaithe?
   *Tugtar an chumhacht do Choimisiún na Meán Cóid Sábháilteachta ar Líne a dhéanamh in Alt 139K den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022. Ina theannta sin, ní mór go dtugtar aghaidh sa Chód ar na díobhálacha a leagtar amach in Airteagal 28b de Threoir 2018 ón Aontas Eorpach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.*

2. Cad a dhéanfar le haon fhíneálacha a bhailítear? Cá rachaidh an t-airgead sin?
   *Rachaidh aon fhíneálacha a bhailítear go díreach chuig an státchiste.*